The pension scheme is a defined benefit final salary pension arrangement with benefits and contributions defined by reference to current "model" public sector scheme regulations. The scheme provides a pension (eightieths per year of service), a gratuity or lump sum (three eightieths per year of service) and spouse's and children's pensions. Normal Retirement Age is a member's 65th birthday; pre 2004 members have an entitlement to retire without actuarial reduction from age 60. Pensions in payment (and deferment) normally increase in line with general public sector salary inflation.

Notes to the Financial Statements

for the year ended 31 December 2013

UNFUNDED (FORMERLY CERT) CONTRIBUTORY PENSION AND DEATH BENEFITS PLAN (CLOSED TO NEW ENTRANTS)

The Authority operates a defined benefit pension scheme for eligible staff of the former CERT Ltd. Benefits and contributions are defined by pension scheme deeds and booklets. The scheme provides a pension (eightieths per year of service), a gratuity or lump sum (three eightieths per year of service) and spouse's and children's pensions subject to a rule that if a member attains 20 years service at age 65 years, 40 years is awarded. Normal Retirement Age is a member's 65th birthday.

As this scheme is closed, under the projected unit method, the current service cost will increase as the members of the scheme approach retirement.

UNFUNDED REGIONAL TOURISM ORGANISATIONS PENSION SCHEME (CLOSED TO NEW ENTRANTS)

A defined benefit pension scheme is operated for eligible staff of the former six Regional Tourism Authorities with benefits funded by contributions from the employees.

Benefits and contributions are defined by pension scheme deeds and booklets. The scheme provides a pension (eightieths per year of service), a gratuity or lump sum (three eightieths per year of service) and spouse's and children's pensions. Normal Retirement Age is a member's 65th birthday; pre 2004 members have an entitlement to retire without actuarial reduction from age 60. Pensions in payment (and deferment) normally increase in line with general public sector salary inflation. As this scheme is closed, under the projected unit method, the current service cost will increase as the members of the scheme approach retirement.

DEFINED CONTRIBUTION SCHEME

A defined contribution pension scheme was available for staff who were not eligible for the unfunded superannuation scheme. The assets of this scheme were held separately from those of Fáilte Ireland in independently administered funds. Since November 2013 there are no longer any staff who are members of this scheme.

(A) Analysis of total Pension Costs charged to Expenditure

	2013	2012
	€'000	€'000
Current service cost	5,264	3,541
Interest on pension scheme liabilities	7,699	8,823
Employee contributions	(854)	(844)
Total Defined Benefit Scheme Costs	12,109	11,520
Defined Contribution Schemes	3	3
Other*	129	135
Total	12,241	11,658

Notes to the Financial Statements

for the year ended 31 December 2013

*Other costs comprise income continuance premium payments made in respect of formerly CERT pension scheme members of €96,318 and €32,570 being the difference between the formerly CERT pension scheme entitlement and the payment of an annuity purchased at the time.

(B) Analysis of amount recognised in Statement of Total Recognised Gains and Losses	2013 €'000	2012 €'000 restated
Experience Gains	8,540	1,632
Changes in Assumptions	7,395	(52,530)
Actuarial Gain / (Loss)	15,935	(50,898)
Adjustment for removal of matching asset for National Tourism Development Authority Superannuation Scheme	(10,166)	30,688
Actuarial Gain (loss) recognised by matching funding	5,769	(20,210)

(C) Net Deficit in Pension Schemes	2013 €'000	2012 €'000
Net Deficit in Pension Schemes	(221,485)	(231,888)
Made up of		
Present Value of pension schemes' liabilities	(221,485)	(231,888)

Movement in Net Pension Liability during the year:	2013 €'000	2012 €'000
Net Pension Liability at 1 January	(231,888)	(177,194)
Benefits paid	7,431	8,568
Current service cost	(5,264)	(3,541)
Interest on pension scheme liabilities	(7,699)	(8,823)
Actuarial gain/(loss)	15,935	(50,898)
Net Pension Liability at 31 December	(221,485)	(231,888)

Notes to the Financial Statements

for the year ended 31 December 2013

(D) Deferred Pension Funding

The Authority recognises an asset corresponding to the unfunded deferred liability for the Unfunded Regional Tourism Organisations Pension Scheme and the Unfunded (formerly CERT) pension scheme as set out in the Accounting Policy for pensions. This is a change from previous policy, see Note 24 above.

	2013 €'000	2012 €'000 restated
Unfunded (formerly CERT) pensions scheme and Unfunded Regional Tourism Organisation scheme (Based on the Provisions of the Financial Measures Act 2009).	88,203	90,437
Total	88,203	90,437

The Net Deferred Funding for Pensions recognised in the Income and Expenditure Account is as follows:

	2013 €'000	2012 €'000 Restated
Funding Recoverable in respect of current year pension costs -Unfunded (formerly CERT) pensions scheme and Unfunded Regional Organisation Tourism Scheme	5,670	5,267
State Grant applied to pay pensioners	(1,739)	(2,167)
Staff Contributions applied to pay pensioners	(396)	(395)
	3,535	2,705

The quantification of the liability is based on the financial assumptions set out in the note below (E). The assumptions used, which are based on professional actuarial advice, are advised to the Department of Transport Tourism and Sport.

(E) Scheme and Actuarial Assumptions

The valuation of the schemes' liabilities used for the purposes of FRS17 disclosures has been based on a full actuarial valuation at 31 December 2013 carried out by a qualified independent actuary. Pension scheme liabilities have been measured using the projected unit method.

Principal actuarial assumptions used to calculate the scheme liabilities:

	31/12/2013	31/12/2012
Discount rate	3.50%	3.30%
Rate of increase in salaries	3.50%	3.50%
Future state pension increases	3.50%	3.50%
Future pension increases	3.25%*	3.25%*
Inflation Rate	2.00%	2.00%
Revaluation in deferment	3.25%**	3.25%**

Notes to the Financial Statements

for the year ended 31 December 2013

Demographic Assumptions

	31/12/2013	31/12/2012
Mortality Pre Retirement	Male 62% of PNML00 Female 70% of PNML00	Male 62% PNFL00 Female 70% of PNFL00
Mortality Post Retirement	Male 62% of PNML00 Female 70% of PNML00	Male 62% PNFL00 Female 70% of PNFL00
Allowances for future improvements in mortality	Yes	Yes
Retirement Age	New entrants 65, other employees 62***	New entrants 65, other employees 62***
% married at retirement	90%	90%
Age difference between spouses	A male is assumed to be 3 years older than his spouse	A male is assumed to be 3 years older than his spouse

*In the case of the CERT scheme, future pension increases of 3% p.a. are assumed

**In the case of the CERT scheme, statutory revaluation applies to deferred benefits, As a result a revaluation in deferment rate of 1.75% p.a. is assumed. In the case of the other Fáilte Ireland pension schemes deferred benefits are assumed to revalue in line with pay parity increases of 3.25% p.a.

***The retirement age for the CERT pension scheme is 65 for all members.

The mortality basis above explicitly allows for improvements in life expectancy over time, so that life expectancy will depend on the year in which a member attains retirement age. The table below shows the life expectancy for members attaining age 65 in 2013 and 2033.

Year of attaining age 65	2013	2033
Life expectancy - Male	22.5 years	25 years
Life expectancy - Female	23.9 years	26 years

Notes to the Financial Statements

for the year ended 31 December 2012

(F) History of defined benefit obligations, assets and experience gains and losses

	2013 €'000	2012 €'000	2011 €'000	2010 €'000	2009 €'000
Defined benefit obligations	221,485	231,888	177,194	177,810	174,191
Experience gain/(loss) on scheme liabilities					
• Amount (€'000)	8,540	1,632	5,186	7,357	6,056
• Percentage of present value scheme liabilities	3.9%	0.7%	2.9%	4.1%	3.5%

26. GOING CONCERN

The Financial Statements have been prepared on the going concern basis. At the time of signing the 2013 Financial Statements there is uncertainty as to the continued longer term funding of the National Tourism Development Authority Superannuation Scheme by the Oireachtas as the scheme is not mentioned in the Financial Measures (Miscellaneous Provisions) Act 2009 which provides legislative backing to the Group's two other pension schemes.

The Authority has sought assurance from the Department of Transport, Tourism and Sport and the Department of Public Expenditure and Reform as to the continued funding of this scheme and to date this assurance has not been received. Accordingly, the Authority has decided not to provide for a deferred asset in the Financial Statements totalling €133.282m, being the value of the deferred liability of the scheme.

In assessing the going concern position of the Group the Authority has considered the following

1. In 2014 and in 2015 the Oireachtas has provided funding on a pay as you go basis for the National Tourism Development Authority Superannuation Scheme through the annual Estimates process.
2. The organisation is a state body established by the National Tourism Development Authority Act 2003 and 96% funded by the Oireachtas.
3. There are currently no plans to dissolve the organisation.
4. The funding of the pension scheme is an ongoing issue and the Authority has not been given a definitive position that funding will or will not continue.
5. The crystallisation of the potential liability will span a period of 34 years into the future.

Based on the above considerations the Authority members are satisfied that the Group has adequate resources to continue for at least 12 months from the date of approval of these Financial Statements and it is appropriate to adopt the going concern basis in the preparation of the Financial Statements.

Notes to the Financial Statements

for the year ended 31 December 2012

The Authority members have also concluded that the uncertainty re the National Tourism Development Superannuation Scheme does not represent a material uncertainty that casts significant doubt about the Group's ability to continue as a going concern and on that basis the Authority will continue to adopt the going concern basis in preparing its Financial Statements.

27. SHANNON DEVELOPMENT TRANSFER OF FUNCTIONS

In 2013, the tourism functions of Shannon Development together with 23 whole time equivalent staff transferred to Fáilte Ireland.

Prompt Payments by Public Sector Bodies

for the year ended 31 December 2013

28. APPROVAL OF FINANCIAL STATEMENTS

These financial statements were approved by the Authority on 3rd March 2015

Reporting Template pursuant to Government Decision No. S29296 of 2nd and 8th

March 2011 on 15 Day Payments by:

The Health Service Executive, the Local Authorities, State agencies, and all other Public Sector Bodies, (excluding Commercial Semi State Bodies)

Parent Government Dept: Department of Transport, Tourism & Sport

Public Sector Body: National Tourism Development Authority

Period Covered: 01st Jan 2013 to 31st Dec 2013

Details	Number	Value (€)	(%) of total payments made
Total payments made in Quarter	15,090	€67,948,787.53	100.00%
Number of payments made within 15 days	14,206	€63,126,642.64	94.14%
Number of payments made within 16 days to 30 days	649	€4,110,689.05	4.30%
Number of payments made in excess of 30 days	235	€711,455.84	1.56%
Disputed Invoices	146	€1,960,689.06	
Total	15,236	€69,909,476.59	

www.failteireland.ie



Fáilte Ireland



Fáilte Ireland Offices

Head Office - Dublin

Áras Fáilte
88-95 Amiens Street
Dublin 1

LowCall: 1890 525 525

Email: info@failteireland.ie

Web: www.failteireland.ie

Consumer: www.discoverireland.ie

Cork

Unit 2, Nessian House,
Riverview Business Park
Bessboro Road, Blackrock
Cork
Tel: 021 423 3200

Waterford

4th floor, Wallace House
Maritana Gate
Canada Street
Waterford
Tel: 051 312 700

Sligo

Áras Reddan
Temple Street
Sligo
Tel: 071 9155 044

Westmeath

2nd Floor Fair Green House
Green Bridge
Mullingar
Co. Westmeath
Tel: 044-934 4000

Galway

Áras Fáilte
Forster Street
Galway
Tel: 091 537 700

Limerick

2nd Floor, The Granary
Michael Street
Limerick
Tel: 061 317522



2013

Tuascáil Bhliantúil

Tuascáil agus Ráitis Airgeadais
Don bhliain dar críoch an 31th Nollaig 2013

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2013

Chuig an Aire Iompair, Turasóireachta, agus Spóirt

De réir an Achta um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003, cuireann Fáilte Éireann i láthair a thuarascáil don bhliain dar chríoch Nollaig, 2013.

CLÁR NA NÁBHAR

Ráiteas an Chathaoirligh	3
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh	5
Turasóireacht 2013 – An Bhliain i bhFigiúirí	10
Ráiteas Corparáide	12
Gníomhaíochtaí maidir le hOiliúint 2012 agus 2013	13
Comhaltaí Údaráis 2013	14
- Struchtúr Rannach Fáilte Éireann	
Uimhreacha Turasóireachta agus Ioncam 2013	16
Ráiteas Éifeachtúlachta Fuinnimh	17
Ráitis Airgeadais	21
Íocaíochtaí Prasa le Comhlachtaí Earnála Poiblí	51

“ Chruthaigh an rathúlacht a bhain leis An Tóstal dúinn, nuair a dhírímid isteach ar dhream daoine faoi leith a bhfuil tairbhe shoiléir le fáil uathu ó thaobh fás geilleagrach (diaspóra na hÉireann sa chás seo), agus nuair a chuirimid ár dteachtaireacht in áirithe dóibh go sonrach, tá ar ár gcumas cur le fás iarbhír i gcúrsaí éilimh. ”



Ráiteas an Chathaoirligh

Michael Cawley Cathaoirleach

Tugann Tuarascáil Bhliantúil Fáilte Éireann 2013 léargas ar bhliain inar thug tionscal na turasoíreachta céim chun cinn tar éis roinnt séasúr a bhí thar a bheith dúshlánach a chur de. Tá go leor gnóthaí turasoíreachta atá faoi bhrú mór maidir lena ngnóthaí a choinneáil ag imeacht ó tháinig an ghéarchéim gheilleagrach agus is deas go bhfuil cúrsaí ag feabhsú agus leathnú ar fhorbairt le feiceáil arís ar fud réigiúin na tíre.

Ba iad na príomh-mhargáí foinse, Meiriceá Thuaidh, an Eoraip agus le gairid, an Bhreatain Mhór, a chuidigh leis an téarnamh geilleagrach seo ar dtús. Bhí an margadh dúchasach, a bhfuil go leor gnóthaí ag brath rómhór air, sách ciúin, ní gan ionadh, nuair a thógtar coigeartú geilleagrach leanúnach na tíre san áireamh.

Le linn 2013, chuir An Tóstal go mór le hardú croí agus meanma a chur faoi chúrsaí, a bhí ag teastáil go géar, agus cuireadh ardán luachmhar ar fáil chun Éire a chur chun cinn do lucht turasoíreachta agus do thealaign agus cairde ag maireachtáil thar lear. Seachas na tairbhí geilleagracha atá le feiceáil go soiléir, d'éirigh go maith leis an tionscnamh seo pobail áitiúla a chur i ngníomh ar fud na tíre chun tacú le turasoíreacht –eagraíodh os cionn 5,000 tóstal faoi leith – rud a rachaidh chun tairbhe don tionscal sna blianta amach romhainn.

Faoi dheireadh 2013, bhí imní ar roinnt daoine gur éirigh chomh maith sin leis An Tóstal, go mb'fhéidir gur bhain imeachtaí an Tóstail in 2013 siar as séasúr turasoíreachta 2014, ach, is léir anois nár tharla sin, mar a léiríodh ag feidhmíocht láidir fhormhór na margáí a bhí le feiceáil go luath in 2014.

De réir mar a thagann tionscal na turasoíreachta as tréimhse a bhí daingnithe trí ghearradh siar i dtreo tréimhse ina bhfuil súil le fás inbhuanaithe, tá ceacht le foghlaim againn as cúrsaí mar a bhí in 2013.

Chruthaigh an rathúlacht a bhain leis An Tóstal dúinn, nuair a dhírímid isteach ar dhream daoine faoi leith a bhfuil tairbhe shoiléir le fáil uathu ó thaobh fás geilleagrach (diaspóra na hÉireann sa chás seo), agus nuair a chuirimid ár dteachtairacht in áirithe dóibh go sonrach, tá ar ár gcumas cur le fás iarbhír i gcúrsaí éilimh. Má tá fás le teacht faoi thionscal turasoíreachta na hÉireann ar bhonn inbhuanaithe, ní mór d'earnálacha an tionscail ar fad díriú níos géire ar a sprioclucht.

Leis sin, léirigh An Tóstal an tábhacht a bhaineann le siamsaíocht agus le léiriúcháin sa tionscal turasoíreachta. Bainimid sult as an gcáil idirnáisiúnta atá orainn maidir le caighdeán ár mbia, ár bhflaithiúlachta agus ár gcóiríochta agus an ceart sin againn. Ní thiocfaidh áfach, ár dturasóirí ó thar lear isteach go hÉirinn mura gcreideann siad go bhfuil tréimhse saoire fíréanta agus ar leith i ndán dóibh in Éirinn.

Ar deireadh thiar, léiríonn An Tóstal an gá atá le tairiscint turasoíreachta a chruthú in Éirinn atá dírithe níos géire ar an gcuariteoir agus ar thréimhse an chuariteora sa tír agus, i margadh iomaíoch, atá suntasach ó thaobh scála agus uailmhéine de chun aird idirnáisiúnta a tharraingt.

Le linn 2013, dhírigh Fáilte Éireann isteach air sin. Rinneadh an múnla bunaithe ar sciartha margaidh a cuireadh i bhfeidhm sa tuarascáil GB Paths to Growth a leathadh amach go céimneach chuig margáí eile in 2013, lena n-áirítear an margadh Saoire Baile – a rinne léargais tomhaltóirí a chomhoiriúnú agus a d'aithin réimsí faoi leith leis na gníomhaíochtaí riachtanacha chun fás a spreagadh.

Thosaigh Fáilte Éireann ag déanamh scrúdú agus forbairt ar mhórtionscadail agus é mar aidhm fhollasach leo borradh a chur faoi líon na gcuariteoirí ó thar lear isteach. Ar an gcéad tionscadal a cuireadh i bhfeidhm agus chun cinn go láidir in 2013 bhí Slí an Atlantaigh Fhiáin. Chomh maith leis sin, ag deireadh na bliana, chuir 'Grow Dublin Taskforce' a tuarascáil, Destination Dublin – A Collective Strategy for Growth to 2020', i gcrích inar cuireadh treoirphlean ar fáil maidir leis an bpríomhchathair a athchóiriú agus le togra turasoíreachta ar scála mór a fhorbairt don chathair. Chomh maith leis sin, rinneadh obair a chur cinn le linn na bliana chun an cur chuige riachtanach a mheas maidir le tionscadal den scála céanna a fhorbairt d'oirtheair agus do dheisceart na tíre.

Dhírigh Fáilte Éireann níos géire ar mhargáíocht dhigiteach chomh maith. D'fhorbraíomar straitéis dhigiteach chun cuidiú le gnóthaí turasoíreachta an tuiscint agus an fhaisnéis tomhaltóra is nuair a aimsiú chun na teachtaireachtaí is iomchuí a sheachadadh ag úsáid na cainéil chuí, ar bhealach a chuireann le hioncam na tíre agus le líon na gcuariteoirí idirnáisiúnta ar Éirinn.



De réir mar a d'athraigh ár bhfócas le linn 2013, rinne an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Leo Varadkar, scrúdú ar bhealaí chun dul chun cinn a dhéanamh, inar seoladh athbhreithniú fadréimseach ar bheartas turasóireachta lena n-áirítear próiseas comhairliúcháin phoiblí le réimse éagsúil geallsealbhóirí agus páirtithe leasmhara eile. Ba thráthúil an t-athbhreithniú sin agus tá Fáilte Éireann ag súil go mór leis na torthaí a bheidh air, a leagfaidh síos comhsprioc d'Fháilte Éireann agus dár gcomhpháirtithe ar fad sa tionscal, agus sinn ag obair i dtreo fás inbhuanaithe agus leanúnach san earnáil.

Tá baol soiléir a bhaineann leis an ardú ar an éileamh atá feicthe again in 2013, is é sin go gcaillfear an fócas ar an luach ar airgead a thairgimid dár dturasóirí. Rinneadh obair mhór sa tionscal chun ár rangú a fheabhsú sa réimse seo le roinnt blianta anuas agus tá sé ríthábhachtach, ag tógáil san áireamh an margadh turasóireachta idirnáisiúnta iomaíoch ina bhfeidhmímid, go nglacfar lena chinntiú go leanfar le feabhas a chur ar ár rangú, mar gur buntáiste tábhacht iomaíoch é seo maidir le turasóirí a choinneáil.

Creidim go láidir go bhfuil fás maidir le rochtain agus le rochtain aeir go mór ríthábhachtach d'fhás an tionscail turasóireachta. Rinne an t-ardú in acmhainn a dháil aerlínte ar Éirinn in 2013, bonn taca a chur faoin bhfás a tháinig faoi thurasóirí chuig na tíre. Impím orthusan atá gníomhach i bhforbairt iompair aitheantas a thabhairt don chion tairbhe geilleagrach, sóisialta agus fostaíochta a dhéanann tionscal na turasóireachta i ngach réigiún sa tír agus lena n-iarraacht acmhainn aerlíne nua a mhealladh chuig aerfoirt na tíre ar fad.

Thar ceann údarás Fáilte Éireann agus an tionscal turasóireachta, ba mhian liom buíochas a ghlacadh leis an iar-Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Leo Varadkar, agus leis an Aire Stáit Michael Ring, de bharr a dtacaíochta le linn 2013. Ní amháin gur thug siad tacaíocht dhíograiseach do thionscadal An Tóstail ach thug an bheirt Airí a dtacaíocht ríthábhachtach d'infheistíocht shuntasach do Shlí an Atlantaigh Fhiáin, an ráta CBL a choinneáil ag 9% do ghnóthaí turasóireachta agus an Cáin Aerthaistil a ísliú go náid. Táim ag súil go mór comhoibriú ar an mbealach céanna

leis an Aire Paschal Donohoe, a ceapadh i gceannas le gairid ar an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Ba mhian liom buíochas a ghlacadh chomh maith leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin Shaun Quinn agus lena fhoireann oibre le linn 2013. Léirigh Fáilte Éireann agus foireann oibre Fáilte Éireann, go leanúnach, an cheannaireacht agus an tiomantas cuí chun tionchar dearfach a imirt ar rathúnas na hearnála turasóireachta.

Ar deireadh, ba mhian liom buíochas a ghlacadh le comhaltaí an Údaráis de bharr a gcuid ama agus a gcuid tiomantas maidir lena gcion feidhme. Ba mhian liom aitheantas a thabhairt do mo réamhtheachtaí Redmond O'Donoghue a d'éirigh as an obair in 2013. Rinne Redmond Fáilte Éireann a stiúradh trí chuid de na blianta ba dhúshlánaí a bhí ag an tionscal turasóireachta, agus tugtar léiriú ar an obair a rinneadh le linn a thréimhse i gceannas de bharr go bhfuil tionscal na turasóireachta anois faoi réir le tairbhe a bhaint as tréimhse atá níos rathúla.

Tar éis bliain dhearfach in 2013, bheadh an-chathú ann don tionscal agus don té a cheapadh go gcuirfeadh an borradh tairbheach atá faoinár margaí thar lear faoi láthair le cúrsaí a thabhairt ar ais ag na leibhéil ina raibh siad le linn na tréimhse ina raibh borradh faoin ngeilleagar. Ní mór áfach, leanúint leis an obair ar cuireadh tús léi agus ní mór do na páirtithe ar fad a bhaineann leis an earnáil turasóireachta tógáil ar an spreagadh a chruthaigh An Tóstail trí iomaíochas a fheabhsú, trí dhíriú isteach ar na margaí thar lear a bhfuil an tairbhe is fearr le fáil astu, agus trí chur lenár dtáirge tairisceana chun a chinntiú go bhfuil Éire mar cheann scríbe saoire a bhfuil tóir air do líon turasóirí idirnáisiúnta atá de shíor ag fás.

A handwritten signature in black ink that reads "Michael Cawley". The signature is written in a cursive style and is positioned above a horizontal line.

Michael Cawley - Cathaoirleach

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

"An Tóstal' – tionscnamh a bhunaigh Fáilte Éireann, agus a spreag 5,000 pobal ar fud na tíre cuireadh a thabhairt do dhaoine thar lear fillleadh ar an mbaile i rith na bliana, ba chúis le go leor d'fhás na bliana 2013."



Shaun Quinn
Príomhfheidhmeannach

MAR A CHRUTHAIGH CÚRSAÍ TURASÓIREACHTA

Tháinig feabhas mór ar chúrsaí turasóireachta le linn 2013. Thug os cionn 6.6m cuairteoir ó thar lear cuairt ar Éirinn in 2013, ina léirítear fás 6% ar an mbliain roimhe sin. I dtéarmaí caiteachais ag cuairteoirí idirnáisiúnta, tháinig fás tuairim is 10% faoi thuillimh iasachta a sheasann ag €4.2bn – ardú os cionn €300m.

Maidir leis an margadh intíre, meastar gur thug muintir na tíre seo 7m turas in Éirinn, is ardú de bheagán é sin ar 2012. Tháinig ardú de bheagán ar chaiteachas mhuintir na hÉireann a thug turais in Éirinn chomh maith, a sheasann ag €1.4bn.

Nuair a chuirtear torthaí an mhargaidh intíre agus na torthaí lena mbaineann na cuairteoirí idirnáisiúnta le chéile, bhí €5.6bn mar ioncam iomlán ag tionscal na turasóireachta don bhliain sin, ardú 8% ar 2012. As an ioncam turasóireachta sin, meastar go rachaidh €1.4bn go díreach chuig an Státchiste i bhfoirm cánach.

Sháraigh an líon turasóirí as Meiriceá Thuaidh a thug cuairt ar Éirinn aon mhíilliún den chéad uair ó 2007, a bhuíochas i gcuid do Thionscnamh an Tóstail a chur go mór leis an bhfás de thuirim is 11% a tháinig ar an margadh tábhachtach seo. Chun é seo a chur i gcomhthéacs, má dhéantar comparáid feidhmíocht láidir na hÉireann agus feidhmíocht na Breataine Móire, an t-íomaitheoir is gaire dúinn – níor tháinig fás ar bith ar mhargadh thurasóirí Mheiriceá Thuaidh chun na Breataine Móire le linn 2013.

Tháinig 2.3m turasóir ó Mhórhíre na hEorpa chun na tíre seo, sin fás 4% ar an margadh sin. Léiríonn an fheidhmíocht seo cúrsaí ag dul i bhfeabhas go seasta agus i dtreo na dtorthaí a baineadh amach roimh an ngéarchéim geilleagrach.

Mar údar dóchais, is léir go bhfuil an Bhreatain ag teacht chuici féin. Tá an Bhreatain Mhór ar an margadh thar lear is mó atá againn de réir an líon cuairteoirí, as a dtagann 43% de na cuairteoirí go léir ó thar lear. Is cor chun feabhais suntasach é an fás a tháinig ar an margadh sin le linn 2013 (ardú 5%) de bhrí go raibh an líon cuairteoirí ón margadh seo ag titim nó gan athrú ó 2006.

Léiríodh an fás seo san earnáil turasóireachta i bhfeidhmíochtaí na bpríomhshóilathraithe turasóireachta. Thuairiscigh níos mó ná seacht as deich (72%) soláthraí cóiríochta seirbhíse íochta ardú ar an líon cuairteoirí in 2013, agus thuairiscigh aon soláthraí as sé (17%) an líon céanna a bhí ann in 2012. Ní raibh ach mionlach beag gnóthaí sa tír a raibh laghdú ar a líon cuairteoirí (11%), i gcomparáid le blianta tosaigh na géarchéime.

Tháinig ardú ar an líon cuairteoirí sna trí earnáil cóiríochta seirbhíse íochta – óstáin, tithe aíochta agus tithe leaba agus bricfeasta. Go deimhin, bhí 2013 ar an gcéad bhliain ó thús na géarchéime go raibh an líon cuairteoirí ar chomhchéim leis an leibhéal a bhíodh tráth sna tithe aíochta agus sna tithe leaba agus bricfeasta chomh maith leis na hóstáin. D'éirigh thar barr leis an margadh thar lear le linn 2013, le formhór na soláthraithe cóiríochta seirbhíse íochta (64%) ag tuairisciú ardú ar an líon cuairteoirí, ó Mheiriceá Thuaidh go mór mór.

D'éirigh go maith leis na nithe is díol spéise do thurasóirí le linn 2013, le trí as cúig (59%) ag tuairisciú ardú ar líon na gcuariteoirí. Léirigh na torthaí a fuarthas ó bhialanna atá lonnaithe i gceantair láidre turasóireachta go raibh an earnáil ag feabhsú go maith i dtéarmaí trádála turasóireachta. Ba mhó trádáil turasóireachta a bhí ag trí as cúig (60%) de na freagróirí anuraidh ná mar a bhí an bhliain roimhe sin. Bhí sin amhlaidh a bhuíochas do láidreacht an mhargaidh thar lear; inar thug a bhformhór (80%) le fios gur tháinig ardú ar chúrsaí gnó ó chuariteoirí ó thar lear le linn 2013.

'An Tóstal' – tionscnamh a bhunaigh Fáilte Éireann, agus a spreag 5,000 pobal ar fud na tíre cuireadh a thabhairt do dhaoine thar lear fillleadh ar an mbaile i rith na bliana, ba chúis le go leor d'fhás na bliana 2013. Meastar gur tháinig idir 200,000 agus 250,000 cuairteoir ó thar lear chun na tíre de bharr an Tóstail in 2013, agus meastar go raibh idir €160 milliún agus €200 milliún mar chaiteachas de thoradh an tionscnaimh sin.

I dtéarmaí spriocanna, tugann an t-eolas a bailíodh le fios go raibh an líon cuairteoirí ó thar lear a tháinig chun na tíre seo de bharr An Tóstail, faoi bhun na



bunsprice de 325,000. Is dóigh áfach, gur baineadh amach an sprioc ioncaim de €168 milliún de bharr chlaonadh na gcuairteoirí a mheall An Tóstal go leor airgid a chaitheamh.

Is léir go raibh ról láidir ag An Tóstal cuidiú le turasóireacht na hÉireann fás os cionn an mheáin a bhaint amach sna margáí diaspóra. Mar shampla, tháinig fás 2% in 2013 ar líon na gcuairteanna ar thíortha thar lear a thug daoine a chónaíonn i Stáit Aontaithe Mheiriceá (gan cuairteanna ar Cheanada agus ar Mheicsiceo san áireamh) ach tháinig fás 11% ar líon na gcuairteanna a thug cuairteoirí ó na Stáit Aontaithe ar Éirinn.

Cé go raibh An Tóstal go mór i mbéal an phobail in 2013, áfach, ba bhliain chinníunach a bhí in 2013 d'earnáil na turasóireachta agus d'Fháilte Éireann chomh maith. Ó 2010, bhí sé mar straitéis ag Fáilte Éireann tacú le turasóireacht na hÉireann trí thacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil inar cuidíodh le gnóthaí turasóireachta aonair dul i ngleic go rathúil le cor chun donais tobann eacnamaíoch na bpríomh-mhargáí foinsé agus i ngeilleagar na hÉireann. Go bunúsach, ba straitéis tarrthála a bhí i gceist, ar ghlac an tionscal go fáilteach léi. Príomhtháscaire a léiríonn rathúlacht na straitéise is iad na gnóthaí atá fós i mbun trádála a fuair tacaíocht ón scéim nó atá fós ag fáil tacaíochta ón scéim.

Ba léir téarnamh san earnáil in 2013 agus thosaigh gnóthaí turasóireachta na hÉireann ag gluaiseacht ó mharthanas go téarnamh go dtí bheith ag oibriú i dtreo fás inbhuanaithe. De réir a chéile, thosaigh Fáilte Éireann ag díriú ar fhás inbhuanaithe na hearnála mar sprioc. Dá réir sin, díriodh ar threo nua straitéiseach a chur i bhfeidhm le linn 2013, ina ndearnadh acmhainní na heagraíochta a eagrú chun tacú le cur i bhfeidhm na straitéise.

Le linn 2013 go mór mór, dhírigh Fáilte Éireann níos géire ar:

- Cláir Aitheantais: díriú ar mhórchláir aitheantais agus íocónacha a thabhairt isteach agus a fhorbairt, cláir a thabharfar suntas dóibh go hidirnáisiúnta agus a tharraingeoidh aird an mhargaidh thar lear ar Éirinn – lena n-áirítear tionscnaimh thábhachtacha mar 'Shlí an Atlantaigh Fhiáin', 'Dublin Plus' agus an togra nua atá dírithe ar Oirthear agus ar Dheisceart na tíre;

- Turasóireacht Ghnó agus Mórimeachtaí: cur leis an ráta fáis a tháinig ar chomhdhálacha agus ar chruinnithe le blianta beaga anuas, le béim faoi leith ar thaisteal dreasachta chomh maith le cur chuige fuinniúil agus saindírithe ar imeachtaí móra spóirt agus ar imeachtaí móra eile a mhealladh chun na tíre;
- Forbairt Dhigiteach, Taithí agus Díolacháin: réimse nua seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil a chuideoidh le gnólachtaí turasóireachta cur i láthair agus díolachán na dturas a fheabhsú, le béim mhór ar dhíolachán ar líne;
- Saoire Baile: borradh a chur faoin margadh trí thaighde nua inar ainmníodh réimsí tosaíochta fáis nach mór díriú orthu, chomh maith le béim níos fearr a leagan ar na meáin dhigiteacha in 2014.

Dá réir sin, le linn 2013, rinne Fáilte Éireann an fhorbairt ar thogra Shlí an Atlantaigh Fhiáin a thabhairt chun críche. I ndiaidh comhairliúcháin phoiblí forleathan leis na pobail atá lonnaithe cois cósta, aithníodh an tslí, atá ceaptha a bheith ar an gcéad shlí turasóireachta fad-achair in Éirinn, ag síneadh le cósta an Atlantaigh ó Dhún na nGall go hIarthar Chorcaí. Ainmníodh roinnt suíomhanna tábhachtacha ar díol spéise iad chomh maith le líon mór 'Pointí Fionnachtana' ar fud an bhealaigh. Cuireadh an togra nua i láthair thrádáil turasóireachta Idirnáisiúnta ag ár seó trádála bliantúil Meitheal, agus cuireadh maoiniú caipitil ar leataobh chun an togra a fhorbairt agus a chur i gcrích. Mar chuid den obair a rinneadh i gcur chun cinn an togra seo le linn 2013, rinne Fáilte Éireann tairiscint ar chead a fháil Cruinniú Mullaigh Thurasóireacht Eachtraíocht an Domhain a réachtáil ar fud na slí in 2014, agus bronnadh an cead sin ar Éirinn.

I mBaile Átha Cliath, bunaíodh an Tascfhórsa 'Grow Dublin', grúpa turasóireachta a dhéanann ionadaíocht ar leasa ghnó agus turasóireacht Bhaile Átha Cliath, tá sé mar chúram ar an ngrúpa bealaí a aimsiú ina bhféadfadh an chathair agus an contae fás mór ar chúrsaí turasóireachta a léiriú faoi 2020. Bhí tuairim ann go forleathan nach raibh an chathair ag feidhmiú chomh maith agus a d'fhéadfaí agus go raibh an chathair tite siar sa rangú i gcomparáid lena hiomaitheoirí cathrach san Eoraip. Iarradh ar an tascfhórsa straitéis chuimsitheach a fhorbairt chun feasacht a ardú maidir le cathair agus le contae Bhaile Átha Cliath – sna réimsí sin den mhargadh go mór mór,



a bhfuil ar a gcumas an líon cuairteoirí idirnáisiúnta a ardú. Mar thoradh na hoibre seo – agus le rannpháirtíocht na bpríomhpháirtithe leasmhara ar fad – déanfar an fhorbairt ar thurasóireacht san ardchathair a threorú sna blianta amach romhainn.

Mar chuid den obair a tugadh faoi san ardchathair chun cúrsaí turasóireachta a spreagadh agus a chur chun cinn, rinneadh forbairt bhreise le linn 2013 ar an Dubline (Slí Fionnachtana Bhaile Átha Cliath), áis mhór turasóireachta do chuairoteoirí ar an gCathair. D'oibrigh Fáilte Éireann go dlúth le páirtithe turasóireachta áitiúla agus le páirtithe na cathrach chun an tslí nua seo a chur ar fáil agus rinne Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath pleananna a fhorbairt chun ailíniú a dhéanamh ar an gcóras aimsithe bealaigh reatha atá cóngarach don tslí.

De réir mar atá Éire ag ullmhú do chomóradh 100 bliain ar éirí amach 1916, chuir Fáilte Éireann tús leis an obair ar phleananna maidir le 'Slí Neamhspleáchais' a fhorbairt do chuairoteoirí, ina gcuirfear tús leis an bpróiseas, i gcomhar leis an Dubline, chun an chathair a oscailt amach trí réimse leathan Slite Fionnachtana a chur ar fáil ar fud na cathrach.

I nDeisceart, in Oirthear agus i dTuaisceart na tíre, tosaíodh ar obair a rinne scrúdú ar na bealaí ina bhféadfaí togra a bheadh i gcosúlacht le Slí an Atlantaigh Fhiáin ó thaobh scála agus tionchar de a eagrú, a bheadh bunaithe b'fhéidir ar an oidhreacht shaibhir chultúrtha atá ag na réigiúin sin, agus a bhféadfaí a chur i gcrích trí infheistíocht leanúnach ó Fáilte Éireann sna nithe is díol spéise do thurasóirí atá le fáil sna réigiúin sin.

Tugadh creat léiritheach do Chathair Chorcaí agus do Chalafort na cathrach, ina dtugtar na príomhthéamaí agus na príomhscéalta a bheadh spéisiúil do chuairoteoirí chun críche le linn na bliana. Cuirfidh an creat seo bonn faoi phleananna forbartha leanúnacha do na páirtithe leasmhara ar fad, i mbunú Chathair agus Chalafort Chorcaí mar cheann scríbe turasóireachta cultúrtha. Tugadh athbhreithniú eagraíochtúil ar Fhóram Fhéilte Chorcaí chun críche, d'fhonn cur chuige forbartha geilleagraí níos díri a bheadh tairbhíúil don cheantar a chur i bhfeidhm.

In 2013, cuireadh tús leis an tionscadal Míle Meánaoiseach Chill Chainnigh, (lena n-áirítear an

fhorbairt ar Mhúsaem nua, Ionad Amhaircealaíona, Oifig Turasóireachta, agus ar Ghairdín Cois Abhann chomh maith le hobair fheabhsúcháin phoiblí ar Lár na Cathrach). Cuireadh i láthair an Branda Míle Meánaoiseach i Nollaig na bliana sin.

Thug Fáilte Éireann tacaíocht do thrí thionscnamh 'léiriú beo' san Oirdheisceart le linn na bliana - péire i dTriantán na Lochlannach i bPort Láirge agus an tríú ceann ar feadh Mhíle Meánaoiseach Chill Chainnigh. Bhí sé mar aidhm ag an gclár beocht a chur faoi scéalta na gcathracha stairiúla seo do chuairoteoirí, trí iad a chur i láthair ar na sráideanna agus sna ceantair phoiblí.

Is fiú tuairim is €530 milliún sa mbliain an Gnó Turasóireachta do gheilleagar na hÉireann, a thacaíonn le 19,000 post a chur ar fáil agus atá ar cheann de na hearnálacha leis na torthaí is airde i dtionscal na turasóireachta. Le linn 2013, chruthaigh Fáilte Éireann 115 dheis ghnó a d'fhéadfadh luach measta €88 milliún a bheith ag baint leo.

Tríd an gCiste Ambasadóira Comhdhála, thug Fáilte Éireann tacaíocht in 2013 do 204 tairiscint ghníomhach maidir le comhdhálacha a reáchtáil. Tuairim is 123,059 toscaire a bheadh i gceist agus €168 milliún an luach measta a mbainfeadh leo. D'éirigh go han-mhaith leis na tairiscintí sin. As na cinn a fuair tacaíocht, d'éirigh le hÉirinn 83% díobh a fháil, bhí 13% fós ag staid na tairisceana agus níor cailleadh ach 2%.

Le linn na bliana, d'eagraigh Fáilte Éireann 35 phríomhfhéachtas domhanda agus thug tacaíocht dóibh chun cuidiú le gnóthaí na hÉireann teagmháil a dhéanamh le ceannaitheoirí MICE (cruinnithe, dreasachtaí, comhdhálacha agus imeachtaí) thar lear.

Lean Fáilte Éireann le tacaíochtaí díreacha a chur ar fáil do ghnóthaí na hÉireann ar fud na tíre. Cé go mbíodh na tacaíochtaí a cuireadh ar fáil sna blianta roimhe sin dírithe ar chabhair a thabhairt d'oibríteoirí dul i ngleic leis an ngéarchéim, le linn 2013, bhí gníomhaíochtaí Fáilte Éireann dírithe ar thacú le fás na hearnála, inar leagadh béim faoi leith ar dhíolacháin agus ar acmhainní digiteacha a fheabhsú san earnáil. Cuireadh Príomhsheirbhísí Cuntais ar fáil do 1,000 gnó, agus mar thoradh air sin, bhain os cionn 14,000 fostaí turasóireachta tairbhe as réimse clár Forbartha agus Scileanna Bainistíochta le linn 2013. Chomh maith leis



sin, rinne Fáilte Éireann, i gcomhar le Turasóireacht Éireann, 732 cheannaitheoir idirnáisiúnta agus 1,418 duine ó na meáin idirnáisiúnta as 22 thír a óstáil.

Lean Fáilte Éireann le hinfheistiú a dhéanamh in infreastruchtúr turasóireachta le breis is €6m de mhaoiniú caipitil in 2013. Áiríodh air sin infheistiocht in dhá thionscadal mhóra - €2.5m i bhforbairt a rinneadh ar Inis Píc mar láthair díol spéise do chuartheoirí agus infheistiocht €2m i bhforbairt comharthaíochta ar thionscadal Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Leithdháileadh €1m chomh maith ar fhorbairt a rinneadh ar an Dubline, d'oibreacha athchóirithe, athdheisithe agus feistithe a dhéanamh ar na nithe is díol spéise do chuartheoirí ar feadh na slí atá beartaithe.

Tugadh faomhadh do dheontais le haghaidh 31 fhéile mhór a reáchtáil faoinár gClár Imeachtaí Rannpháirtíochta agus Féilte Náisiúnta do 2013, a raibh buiséad €2.5m aige, lenar áiríodh €1m a leithdháileadh ar an Fhéile is mó sa tír, Lá Fhéile Pádraig. Cuireadh maoiniú ar fáil chomh maith do NYE 2013 – forbairt leanúnach le Fáilte Éireann ar imeacht mór Oíche Chinn Bhliana, a bheidh mar phríomhimeacht bliantúil san fhéilire turasóireachta agus a bheidh ar chomhchéim le himeachtaí deiridh bliana i dtíortha eile. Ceiliúradh tús agus deireadh na bliana 2013 trí imeachtaí a bhí bunaithe ar An Tóstail.

Bhain roinnt mhaith féilte náisiúnta tairbhe as an deis a cuireadh ar fáil chun a theacht ar mhaoiniú breise le linn 2013, inar cuidíodh leo barr feabhais a chur ar a bpleananna maidir le himeachtaí An Tóstail. Tugadh an deis do na féilte a ghlac le coincheap An Tóstail agus a d'eagraigh imeachtaí a bhain leis An Tóstail, iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú breise agus, ina dhiaidh sin, d'éirigh le 21 fhéile maoiniú An Tóstail a bhaint amach.

Chomh maith le himeachtaí móra, lean Fáilte Éireann le tacaíocht airgeadais a chur ar fáil d'imeachtaí réigiúnacha chomh maith in 2013. Cuireadh dheontais arbh fhiú €746,000 iad ar fáil do 160 féile réigiúnach. Mar gur roghnaíodh 2013 mar bhliain An Tóstail, socraíodh go dtabharfaí tacaíocht d'imeachtaí beaga agus d'ócáidí beaga áitiúla eile a mheallfadh abhaile an diaspóra. Chun na críche sin, chuaigh Fáilte Éireann i gcomhpháirtíocht leis an gcuideachta árachais IPB Insurance, agus chuir an dá eagraíocht sin maoiniú €1m

ar fáil chun tacú le tuairim is 700 imeacht faoi leith a bhain le hócáidí An Tóstail.

Maidir le taighde agus le léargas a chur ar fáil, coimisiúnaíodh staidéar ar thionchar an ráta CBL níos ísle ar thionscal na turasóireachta, mar bhonn eolais d'anailís na Roinne Airgeadais ar an mbuiséad. Leag an staidéar béim ar na gnóthachain láidre a d'eascair as an tionscnamh agus cé mar a chuidigh an tionscnamh le líon mór fostaíochta a chruthú. Bhí an taighde seo mar bhonn eolais don Rialtas agus do chinneadh deiridh an Rialtais an ráta CBL íseal a choinneáil.

Ag cur leis na caidrimh oibre a cruthaíodh idir Thurasóireacht Éireann agus an tionscal nuair a bhí an straitéis GB Path to Growth Strategy á forbairt, lean Fáilte Éireann ag comhoibriú lenár gcomhpháirtithe chun an cur chuige bunaithe ar sciartha margaidh a chur i bhfeidhm ar ár margáí thar lear. I dtaighde a rinneadh le linn 2013, cuireadh ceisteanna a bhain le sciartha áirithe den mhargadh san áireamh i ngach modh taighde de chuid na dá gníomhaireachta. Cuireadh níos mó ceistneoirí a bhí dírithe ar thurasóireacht ar fáil, rud a chabhróidh go mór leis an dá pháirtí agus lenár bpáirtithe leasmhara léargas níos iomláine a fháil ar na sciartha cuairteoirí éagsúla.

Tugadh faoi raon leathan suirbhéanna agus tionscadail léargais eile le linn na bliana chun cuntas a choinneáil ar fheidhmíocht an tionscail agus ar shástacht na gcuairteoirí maidir leis na tréimhsí a chaith siad in Éirinn. Áiríodh air sin taighde ar an láthair turasóireachta ina raibh 1,000 cuairteoir páirteach, chomh maith le suirbhéanna ar óstáin agus ar áitíochtaí cóiríochta eile. Leanamar leis na léargais a fuairamar a roinnt lenár bpáirtithe leasmhara, leis na meáin agus leis an bpobal le linn na bliana – leagadh béim faoi leith ar phríomhthreochtaí mar chruthú fostaíochta agus luach ar airgead a fheabhsú san earnáil.

Síníodh conradh nua le SouthWestern in 2013, chun seirbhísí measúnaithe, clárúcháin agus rangaithe a chur ar fáil do na hEarnálacha Liostaithe agus Cláraithe. Cuireadh tús leis an gconradh nua seo i mí Iúil agus tá SouthWestern anois freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar chuairteanna measúnaithe, comhairliúcháin agus chur chun cinn a thugtar ar na gnóthaí turasóireachta atá ceadaithe, nó atá ag lorg ceadú, faoi Chreat Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta Fáilte Éireann.



Ar deireadh thiar, le linn 2013, cuireadh maoiniú ar fáil d'ós cionn 1,500 mac léinn san earnáil oideachasúil, agus bronnadh céimeanna ar 500 mac léinn le linn na bliana. Rinne Fáilte Éireann infheistíocht €4m in oideachas turasóireachta agus oiliúna, rinneadh athbhreithniú ar na Comhaontuithe Leibhéil Seirbhíse leis na hInstitiúidí Teicneolaíochta don bhliain acadúil 2013/2014, agus rinneadh iad a dháileadh ar na deich n-institiúid a fhreastalaíonn ar mhic léinn a fhaigheann maoiniú ó Fáilte Éireann.

Ar cheann de na tionscail dúchais is mó in Éirinn, tá tionscal na turasóireachta anois faoi réir chun ról lárnach a ghlacadh i dtéarnamh leanúnach na tíre. Níos tábhachtaí fós, chomh fada agus a bhaineann le cruthú fostaíochta, tá ar chumas na hearnála fostaíochta a chruthú sna réimsí sin nach bhfuil na tionscail eile in acmhainn a dhéanamh. Mar thoradh ar infheistíocht €100m i dtionscnaimh Fáilte Éireann le blianta beaga anuas, lena n-áirítear Slí an Atlantaigh Fhiáin, chomh maith leis an ardú ar an líon cuairteoirí thar lear a bhfuiltear ag súil leis le linn 2014, tá ar chumas tionscal na turasóireachta ioncam breise a sholáthar don stát agus fostaíocht a chur ar fáil i gceantair go leor taobh amuigh de na mórcheantair uirbeacha.

De réir mar a chuirtear tionscal na turasóireachta in oiriúint chun na tairbhí a bhaineann le tuilleadh fáis a aimsiú, déanfaidh Fáilte Éireann a chuid lena chinntiú go ndéanfaidh an earnáil an méid agus is féidir a dhéanamh chun cur leis an bhfeabhas atá tagtha ar fheidhmíocht: níos mó éileamh idirnáisiúnta a fhorbairt; tairbhí níos sultmhaire a chur ar fáil do thomhaltóirí; an méid tairbhe agus is féidir a bhaint as na meáin dhigiteacha; leanúint le pacáistí saoire a chur ar fáil do chuireoirí ar phraghsanna iomaíocha.

Shaun Quinn - Príomhfheidhmeannach



Turasóireacht *An Bhliain i bhFigiúirí*

- Tháinig os cionn 6.6m cuairteoir ó thar lear go hÉirinn in 2013, rud a léiríonn fás 6%. Imeachtaí An Tóstal ba chúis le ar a laghad leath an mhéid sin.
- Tháinig fás 10% go dtí €4.2bn ar thuillimh iasachta – ardú os cionn €300m.
- Meastar gur thug muintir na tíre seo 7 milliún turas in Éirinn.
- Tháinig ardú beag ar chaitechas mhuintir na tíre seo a thug turais in Éirinn, go dtí €1.4bn.
- Measadh go raibh 137,700 duine fostaithe sna hearnálacha seirbhíse bia agus cóiríochta in 2013 – ardú

beagnach 12% (14,700 post breise) ar 2012. Léirigh meastacháin Fáilte Éireann go raibh ionann is 200,000 duine fostaithe in iomlán san eanáil turasóireachta le linn na bliana (nuair a áirítear comhdhálacha, láithreacha díol spéise agus féilte).

- D'éirigh leis An Tóstal pobail ar fud na tíre a spreagadh chun cuireadh a thabhairt dá gcairde agus don diaspóra filleadh abhaile le freastal ar os cionn 5,000 imeacht speisialta ar fud na tíre. Measadh gur chruthaigh na turasóirí seo idir €160-€200m ioncam breise.
- Tugadh faomhadh do dheontais do 31





Fáilte Ireland

National Tourism Development Authority

fhéile mhór faoin gClár Imeachtaí Rannpháirtíochta agus Féilte Náisiúnta do 2013, a raibh buiséad €2.5m ar fáil dó.

- Chomh maith leis sin, thug Fáilte Éireann tacaíocht airgeadais dar luach €746,000 do 160 féile réigiúnach.
- Lean Fáilte Éireann leis an infheistíocht in infreastruchtúr turasóireachta, le breis is €6m de mhaoiniú caipitil in 2013.
- Chruthaigh Fáilte Éireann 115 dheis ghnó a d'fhéadfadh luach measta €88 milliún a bheith ag baint leo.

- Thug Fáilte Éireann tacaíocht do 204 thairiscint ghníomhach comhdhála in 2013 – le 123,059 toscaire ina iomláine ina raibh tuairim is €168 milliún mar luach air.
- Cuireadh Príomhsheirbhísí Cuntais ar fáil do 1,000 gnó, agus mar thoradh air sin, bhain os cionn 14,000 fostaí turasóireachta tairbhe as réimse clár Forbartha agus Scileanna Bainistíochta.
- Chuaigh Fáilte Éireann i gcomhpháirtíocht leis an ngcuideachta árachais IPB Insurance agus chuir an dá eagraíocht sin maoiniú €1m ar fáil chun tacú le tuairim is 700 imeacht faoi leith a bhain le hócáidí An Tóstail.



Ráiteas Corparáide

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2013

Rialachas Corparáide

Tacaíonn Fáilte Éireann leis na caighdeáin is airde i dtaobh rialachas corparáide agus cleachtann sé iad. Cloíonn sé go sonrach leis na prionsabail agus na treoirlínte atá sainmhínithe sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Comhionannas

Is fostóir comhionannas deiseanna é Fáilte Éireann. Cuireann an eagraíocht an reachtaíocht comhionannais iomchuí ar fad i bhfeidhm.

Sábháilteacht, Sláinte agus Leas

Rinneadh leas fostaithe agus oiliúnaithe na heagraíochta a chosaint trí chloí le caighdeáin sábháilteachta agus sláinte. Tá an tÚdarás sásta go gcomhlíonann an chuideachta forálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

Saoráil Faisnéise

Sa tréimhse atá faoi chaibidil, fuair Fáilte Éireann 15 iarratas faoin reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise

Gníomhaíocht maidir le hOiliúint 2012 agus 2013

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2013

	2012	2013
Cláir Tionscal-Bhunaithe	15,394	14,561
Cláir Coláiste-Bhunaithe	1,600	1,511
<u>Iomlán</u>	<u>16,994</u>	<u>16,072</u>

Comhaltaí an Údaráis 2013



Redmond O'Donoghue
Chairman



Susan Bergin



Oliver Daniels



Jim Deegan



Kevin Dundon



Bridget Halligan-Neville



Marguerite Howley



Brian Hughes



Noel Kavanagh



Mary Kerins



Gina Murphy



Cláran O Gaora



Catherine Reilly



Margaret Ryan



Eithne Scott-Lennon



Frankie Sheahan



Mary Rose Stafford

Redmond O'Donoghue*
Oliver Daniels*
Jim Deegan*
Bridget Halligan-Neville*
Brian Hughes*
Catherine Reilly*
Margaret Ryan*
Eithne Scott-Lennon*
Mary Rose Stafford*

Deireadh le tréimhse tionachta an 30 Meán Fómhair 2013
Deireadh le tréimhse tionachta an 27 Bealtaine 2013
Cuireadh tús le tréimhse tionachta an 3 Iúil 2013
Cuireadh tús le tréimhse tionachta an 3 Iúil 2013
Deireadh le tréimhse tionachta an 27 Bealtaine 2013
Deireadh le tréimhse tionachta an 27 Bealtaine 2013
Cuireadh tús le tréimhse tionachta Meán Fómhair 2013
Deireadh le tréimhse tionachta an 27 Bealtaine 2013
Cuireadh tús le tréimhse tionachta an 3 Iúil 2013


Freastal na gComhaltaí ar Chruinnithe an Údaráis in 2013

Thionóil an tÚdarás naoi gcrúinniú le linn 2013.

Comhalta	Iomlán	Comhalta	Iomlán	Comhalta	Iomlán
Redmond O'Donoghue*	6	Marguerite Howley	3	Catherine Reilly*	4
Susan Bergin	8	Brian Hughes*	3	Margaret Ryan*	3
Oliver Daniels*	3	Noel Kavanagh	7	Eithne Scott-Lennon*	4
Jim Deegan*	3	Mary Kerins	7	Frankie Sheahan	8
Kevin Dundon	4	Gina Murphy	7	Mary Rose Stafford*	3
Bridget Halligan-Neville*	4	Cláran O'Gaora	7		

Struchtúr Rannach

Nollaig 2013



Uimhreacha Turasóireachta 2009-2013

	Uimhreacha (000s) (Ioncam €mn)	2010	2011 ¹	2012	2013	% athrú 13 vs 12
An Bhreatain	3,034	2,759	2,799	2,722	2,870	+5
	1,035.8	879.4	858.3	858.0	890.9	+4
Mórtáir na hEorpa	2,323	2,011	2,184	2,247	2,346	+4
	1,348.0	1,133.9	1,110.8	1,060.5	1,228.2	+16
Meiriceá Thuaidh	920	864	904	940	1,039	+11
	724.6	695.1	677.4	745.7	829.0	+11
An Chuid eile den Domhan	301	311	353	378	431	+14
	311.3	290.4	272.8	291.6	367.7	+26
Iomlán Thar Lear	6,578	5,945	6,240	6,286	6,686	+6
	3,419.7	2,998.8	2,919.4	2,955.8	3,315.7	+12
Tuaisceart Éireann	n/a	n/a	1,416	1,264	1,574	+25
	n/a	n/a	295.8	284.3	304.7	+7
Fáltais Iompróra²	524.0	580.0	626.0	856.0	865.0	+11
Cuairteanna thar lear ar an lá céanna	27.0	25.0	36.0	34.0	35.0	+3
TUILLEAMH AIRGEADRA IASACHTA INA IOMLÁINE³	3,970.7	3,603.8	3,877.2	4,130.1	4,520.4	+9
Turais Intire⁴	8,340	7,300	7,169	7,031	7,111	+1
Turais Intire⁵	1,389.8	1,560.5	1,415.9	1,345.4	1,373.3	+2
IONCAM IOMLÁN TURASÓIREACHTA	5,360.5	5,164.3	5,293.1	5,475.5	5,893.7	+8

¹ Athbhreithniú déanta ag an bPríomh-Oifig Staidrimh in 2013

² Athbhreithniú ar Fáltais Iompróra 2012 déanta i Márta 2014

³ Ní áirítear ioncam chuairoteoirí ó Thuaisceart Éireann i dtuilleamh airgeadra iasachta 2009 agus 2010

⁴ Athbhreithniú ar 2010 agus 2011 déanta ag an bPríomh-Oifig Staidrimh in 2013

⁵ Athbhreithniú ar 2010 agus 2011 déanta ag an bPríomh-Oifig Staidrimh in 2013

Foinse: CSO/NISRA/Fáilte Ireland

Ráiteas ar Éifeachtúlacht Fuinnimh

Forbheathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2013

I ndiaidh do Thurasóireacht Bhaile Átha Cliath cumasc a dhéanamh le Fáilte Éireann i mí Eanáir 2012, ghlac Fáilte Éireann le cúramaí turasóireachta Fhorbairt na Sionainne i mí Iúil 2013, inar leanadh le sainchúram agus le réimse gníomhaíochta Fáilte Éireann a chur chun cinn agus le punann maoinne na heagraíochta a leathnú chomh maith.

Faoi dheireadh mhí na Nollag, 2013, bhí 398 duine fostaithe ag Fáilte Éireann, le 54 áitreabh réadmhaoinne: lena n-áirítear 7 n-áitreabh atá os cionn 1000m² (2 atá rangaithe mar struchtúir chaomhnaithe/liostaithe, tá 10 gcinn d'áitreabh Fáilte Éireann ina iomláine rangaithe mar áitribh liostaithe). Dá réir sin, tá an soláthar fuinnimh do 8 n-oifig riaracháin (lena n-áirítear an Cheanncheathrú i mBaile Átha Cliath), 34 Oifig Faisnéise Turasóireachta, 4 Músaem agus 8 n-áitreabh eile mar éilimh fuinnimh na heagraíochta

In 2013, d'úsáid Fáilte Éireann 2,918.7 MWh fuinnimh, lena n-áiríodh:

- 2,084MWh leictreachais
- 834.7 MWh breosla iontaise;
 - 679.59 MWh Gáis Nádúrtha
 - 20.75 MWh Gáis Peitriiliam Leachtaithe
 - 90.35 MWh Ceirisín
 - 43.98 MWh Ola Gáis

D'úsáid Fáilte Éireann 2,714 MWh fuinnimh ina iomláine in 2012; léirítear ardú 7.5% in úsáid fuinnimh na heagraíochta ó 2012 go 2013 i bhfigiúirí 2013, mar a leanas thíos:

- Ardú 195 MWh ar úsáid leictreachais (sin 7.2% den ardú iomlán 7.5%), ardú 10.3% ar úsáid 2012. Tá an t-ardú seo in úsáid leictreachais mar thoradh ar dhul chun cinn teicneolaíochta; tá úsáid fisichomhdhála níos coitinne anois ná mar a bhí (ina laghdaítear an gá a bhíonn le foirne oibre taisteal chuig cruinnithe, ina ndéantar an lorg coise carbóin a laghdú), an t-ardú a tháinig ar úsáid tháibléad/fón cliste corparáide (nach mór a luchtú ar bhonn laethúil), agus ar úsáid ghléasanna scáileáin tadhaillte idirghníomhacha sna hOifigí Faisnéise Turasóireachta chun tograí turasóireachta a fheabhsú. Cé go bhfuil an t-ardú seo ar úsáid teicneolaíochta mar chúis le cuid den ardú a tháinig ar úsáid leictreachais Fáilte Éireann, bhí an 23 bhall foirne breise agus an dá Oifig Faisnéise Turasóireachta/áitreabh breise a bhí faoi chúram

na heagraíochta de bharr gur ghlac Fáilte Éireann le cúramaí turasóireachta Fhorbairt na Sionainne, mar nithe a chuir go mór leis an ardú ar úsáid fuinnimh na heagraíochta.

- Ardú 9.7 MWh ar úsáid breosla iontaise (0.3% den ardú iomlán 7.5%), nó ardú 1.2% ar 2012, ina gcuimsítear:
 - * Laghdú 2.2 MWh ar úsáid gáis nádúrtha, ina léirítear sábháil 0.3% ar 2012.
 - * Ardú 8.55 MWh ar úsáid gáis peitriiliam leachtaithe, ardú 70.1% ar 2012; de bharr oibreacha athchóirithe ar shuíomh oidhreachta a tugadh chun críche in Aibreán 2012. Léirítear 2013 mar bhliain iomlán inar baineadh úsáid as gáis peitriiliam leachtaithe mar fhoinsé teasa ag feidhmiú ag leibhéal íseal chun coinníollacha tirime cuí a chinntiú sa túr Normannach 15ú haois seo.
 - * -Ardú 31.9 MWh ar úsáid Ceirisín, ardú 54.7% ar 2012; de bharr seanaois na bhfoirgneamh a téadh; 2 fhoirgneamh atá liostaithe.
 - * Laghdú 28.2MWh ar úsáid ola gáis, sábháil 39.1% ar 2012.

Gníomhaíochtaí a Glacadh mar Chúram in 2013

I gcaitheamh na bliana 2013, lean Fáilte Éireann lena iarrachtaí úsáid fuinnimh na heagraíochta a laghdú. Cuireadh na hathruithe a leanas i gcrích in 2013, chun cuidiú linn an sprioc sábhála fuinnimh 33% a bhaint amach faoi 2020:

- Áitreabh folamh liostaithe; Teach Chluain Ard, i Muileann gCearr, teach scoite dhá stór le híoslach agus le dhá chlós ón 18ú haois a díoladh i mí Lúnasa 2013. Úsáideadh 9,273kWh fuinnimh (chun an áitreabh folamh a chothabháil) ó Eanáir go Lúnasa 2013, inar úsáideadh 434 kWh leictreachais agus 8,839 kWh breosla iontaise (ceirisín), agus inar sábháladh 13.9 MWh fuinnimh ar feadh na bliana.
- Rinne ár rannán Teicneolaíochta, Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) 7 bhfreastalaí fisiciúil HP ProLiant a dhíchoimisiúnú in 2013; 2 x DL380 G4, 3 x DL360 G6 agus 2 x DL360 G5. Mar thoradh ar na 7 bhfreastalaí sin a dhíchoimisiúnú meastar go sábhálfar tuairim is 34.43 MWh fuinnimh ar bhonn bliantúil.
- Rinne an rannán TFC na crua-earraí a athnuachan ar 83 ríomhaire pearsanta in 2013. Cuireadh Lenovo ThinkCentre in áit 5 x Dell 745, 8 x Dell Vostro, 64 x Lenovo ThinkCentre M52/55, 4 x Dell GX 520, agus 2 x Dell Optiplex 980.

Ráiteas ar Éifeachtúlacht Fuinnimh

Meastar go sábhálfar 61.91 MWh leictreachais in úsáid fuinnimh ar bhonn bliantúil de bharr na n-athruithe.

- Laghdaíodh úsáid fuinnimh agus cuireadh le héifeachtúlacht fuinnimh ag deireadh Ráithe 2, 2013, trí obair athchóirithe a dhéanamh ar chéad urlár Oifig Chill Airne inar cuireadh plean oscailte i bhfeidhm agus inar cuireadh deireadh leis na hoifigí ceallacha. Cuireadh an líon foirne a bhíodh lonnaithe ar dhá urlár in aon oifig amháin, rinneadh an córas Teasa/Aerála/Aerchóirithe a uasghrádú, cuireadh feistithe nua solais sna hoifigí, cuireadh isteach soilse Braiteora/PIR sna leithris, in dhá sheomra cruinnithe, sna pasáistí agus sa chistin, rud a chuideoidh le húsáid leictreachais a laghdú sa tréimhse amach romhainn. Meastar go ndéanfar sábháil 17% sa bhliain ar leictreachas (nuair a chuirtear i gcomparáid an tréimhse 6 mhí chéanna in 2013 le 2014; úsáideadh 65.16 MWh ó Eanáir go Meitheamh 2013, níor úsáideadh ach 54.06 MWh sa tréimhse chéanna in 2014). Meastar go sábhálfar tuairim is 20.42 MWh ar bhonn bliantúil.
- Chuir ardú mór ar úsáid ola i gCill Airne, ardú 41.8% ó 2011 (5,003 lítear/50.9 MWh) go 2012 (7,107 lítear/72.2 MWh), le hathluacháil a dhéanamh ar an gcóras teasa. Fuarthas amach go raibh coire ola neamhaitheanta a bhí tite i léig leis an aois agus ag deireadh a ré ag freastal ar na ciorcaid teasa agus uisce te. Bhí eilimint an choire réasúnta nua; dóire ola Riello G10 le ráta 54-120kW le 4.5-10kg/uair mar idiú ola. Measadh nach raibh an coire ag feidhmiú ach ag tuairim is 50% de chumas an choire. Dá réir sin, i Ráithe 3, 2013, cuireadh coire Firebird Enviromax Popular C180/100Kw ina áit, le ráta éifeachtúlachta a measadh ag 80%. Chonacthas laghdú mór ar úsáid ola ina dhiaidh sin in 2013; ó 7,107 lítear ola (72.2 MKh) in 2012 go 4,327 lítear ola (43.98 MWh) in 2013 – laghdú/sábháil 39%/28.2 MWh.
- Rinneadh an córas teilifíse ciorcaid iata a uasghrádú i mBealtaine 2013 – bhí seirbhís tuairim is 20 bliain tugtha ag an seanchóras, a raibh seanbhoscaí ceamara CCTV PTZ aige. Feidhmíonn an córas uasghrádaithe le ceamaraí Samsung SCO 2120R le painéil IR agus le painéil LED. Ní aon chinnteacht leis an méid a shábhálfar mar nach bhfuil staitisticí le fáil ar an seanchóras.
- De bharr athbhreithnithe a rinneadh ar fheistithe solais na Ceannteathrún i mBaile Átha Cliath, cuireadh aonaid ardfhuinnimh nua in úsáid, mar a luaitear thíos;
- * Crochadh lampaí CFL in áit na soilse halaigine uasdírithe 6 x 150W in aon sheomra cruinnithe amháin

i Ráithe 1, 2013 – ní úsáideann lampaí CFL ach 15% den fhuinneamh a úsáideann lampaí halaigine 150W. Níl rátaí sábhála fuinnimh MWh/kWh ar fáil de bharr go mbraithfeadh an t-eolas sin ar úsáid/éileamh an tseomra cruinnithe ar bhonn laethúil.

- * Crochadh aonaid soilse Braiteora/PIR aon áit a bhí feiliúnach ar fud na Ceannteathrún, sna leithris, sna stáisiúin chaife srl.; arís, níl rátaí sábhála fuinnimh ar fáil de bharr go mbraitheann an t-achar a bhíonn na soilse faoi sholas ar sholas nádúrtha an lae agus ar líon na ndaoine i láthair (feidhmíonn na braiteoirí ar sholas agus ar ghluaiseacht; má bhíonn dóthain solais nádúrtha san áit fanfaidh an solas múchta).

Gníomhaíochtaí atá Beartaithe do 2014

In 2014, tá sé mar aidhm ag Fáilte Éireann úsáid fuinnimh a laghdú agus leanúint le feidhmíocht/feasacht fuinnimh a fheabhsú. Táthar ag súil go nglacfar leis an méid seo leanas:

- Tá sé beartaithe ag Fáilte Éireann bogadh isteach i 5 áitreabh in 2014 a bheidh níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh agus níos oiriúnaí ó thaobh feidhme: Luimneach (2), Cathair na Mart, Port Láirge agus Baile Átha Cliath. Ar aon dul le hIonstraim Reachtúil, Uimh. 542 de 2009; ní cheadaítear do chomhlachtaí poiblí foirgneamh a thógáil ar léas ach sa chás go bhfuil Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh ionann le, nó níos airde ná B3 ón 1 Eanáir 2012. Beidh tionchar leanúnach ag na pleananna atá beartaithe ar úsáid fuinnimh mar seo a leanas:
- Fáilte Éireann, Luimneach: Le linn Ráithe 1, 2014, tá sé beartaithe againn bogadh amach ónár seanionad oiliúna ina bhfuil oifigí riaracháin agus cistineacha táirgthe, atá 822m², go hoifig riaracháin nua atá 418m². Ní amháin go gcuirfidh se seo bonn níos oiriúnú don fheidhm ar fáil do Fáilte Éireann ach cuirfeadh timpeallacht oibre oscailte ar fáil freisin dár gcomhghleacaithe ar fad a bheidh níos compordaí agus níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de. Beidh córas teasa láraithe, comhtháite ag an mbloc oifige riaracháin, curtha ar fáil ag Comhairle Cathrach Luimnigh, ár dtiarna talún, a dhéanfaidh úsáid fuinnimh Fáilte Éireann a laghdú amach anseo.
- Oifig Faisnéise Turasoireachta Luimnigh – Tá se beartaithe againn ár nOifig Faisnéise Turasoireachta a bhogadh go luath i Ráithe 4 2014, ó Ché Artúir (áitreabh 258m² atá faoi úinéireacht Fhorbairt na Sionainne), chuig áitreabh 111m² atá níos feiliúnaí agus atá lonnaithe i gcroílár na cathrach; atá 43% níos lú ná an oifig reatha. Cé nach féidir an méid


Ráiteas ar Éifeachtúlacht Fuinnimh

fuinnimh a shábhálfar a mheas go cruinn, ceaptar go mbeidh sé suntasach.

- Fáilte Éireann, Cathair na Mart – tar éis iarratas a fháil ó Oifig na nOibreacha Poiblí bogadh amach ónár n-áitreabh ar Shráid Shéamais (áitreabh liostaithe 617m² ón 19ú haois), d'éirigh linn a theacht ar Oifig Faisnéise Turasóireachta nua atá 131m² (20% níos lú ná an oifig reatha) ar shráid ina mbíonn líon níos airde custaiméirí agus atá, dá bhrí sin, níos oiriúnaí don fheidhm agus níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de. Chuirfeadh obair fheistithe ar an áitreabh leis an deis chun fearais níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de a úsáid (rátáilte mar E Triarach), a chuirfidh le húsáid fuinnimh a laghdú go mór i gcur i bhfeidhm ár seirbhísí i gCathair na Mart.
- Oifig Faisnéise Turasóireachta, Port Láirge – tá sé beartaithe againn ár nOifig Faisnéise Turasóireachta a bhogadh ag deireadh Ráithe 1, 2014, ón nGráinseach, 38 An Ché, Port Láirge; áitreabh roinnte (le leibhéal idirurláir ard) atá faoi bhainistiú ag Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, chuig áitreabh tiomnaithe 78m² le líon níos airde custaiméirí ag 120 Cé na Paráide, Port Láirge. Áitreabh roinnte a bhí san áitreabh ag 38 An Ché, ina raibh Fáilte Éireann freagrach as 10% den fuinneamh a úsáideadh ina iomláine. San áitreabh nua, ina mbeidh Uimhir Thagartha Mhéadarphointe dár gcuid féin againn, beimid in ann rialú níos fearr a dhéanamh ar úsáid fuinnimh agus tionscnaimh sábhála fuinnimh a chur i bhfeidhm (soilse braiteora sna leithris, coire gáis éifeachtach srl.).
- Ionad Discover Ireland, Baile Átha Cliath – tá sé beartaithe ionad Discover Ireland a bhogadh in 2014, ón áitreabh reatha ag Eaglais San Aindrias ar Shráid Suffolk, chuig aonad 411m² atá níos lú agus lena mbaineann stíl miondíola níos oiriúnaí, atá lonnaithe ar Shráid Suffolk. Is foirgneamh liostaithe 992m² í Eaglais San Aindrias, ón 19ú haois, a tógadh sa stíl ghotach. Úsáideadh 404,117 kWh fuinnimh le linn na bliana 2013: 175,220kWh leictreachais agus 228,897 kWh gáis.
- Nuair a bheidh Fáilte Éireann ag tabhairt faoi oifigí a bhogadh/a chomhdhlúthú nó faoi obair fheistithe in 2014, déanfaidh Fáilte Éireann bainistíocht níos fearr ar chúrsaí priontála; tá sé mar bheartas againn aon phrintéir/fótachóipire ilfheidhmeach, láraithe, dubh agus bán amháin agus aon phrintéir daite amháin a chur ar fáil do gach oifig phlean oscailte (ar aon dul leis an dea-chleachtas atá leagtha síos i gcreat Sheirbhísí Priontála Bainistithe na hOifige um Sholáthar Rialtais). Ní féidir an méid fuinnimh a shábhálfar a mheas go cruinn mar braitheann sé sin ar an líon gléasanna

a chuirfear as an áireamh mar thoradh ar an bpróiseas comhdhlúthaithe.

- Leis sin, i Ráithe 2, 2014, beidh Fáilte Éireann ag glacadh le tairiscintí faoi chreat Sheirbhísí Priontála Bainistithe na hOifige um Sholáthar Rialtais dár gCeannteathrú i mBaile Átha Cliath, d'oifig nua i Luimneach, agus d'oifigí Shligigh agus na Gaillimhe. Ag úsáid leibhéal phriontála 2013 mar bhunús do 2014, measadh go bhféadfaí 20.2 MWh leictreachais a shábháil mar a leanas:
 - * Sa Cheanncheathrú i mBaile Átha Cliath, tá sé beartaithe againn 7 ngléas priontála ilfheidhmeach a chur in ionad na 15 ghléas atá ann faoi láthair, ag freastal ar thart ar 150 duine. Mar thoradh air sin, déanfar 4,393 kWh fuinnimh a shábháil ar bhonn bliantúil.
 - * Maidir lenár n-oifig nua i Luimneach, tá sé beartaithe go gheofar gléas priontála ilfheidhmeach nua le cur in ionad an chinn atá ann le cúig bliana anuas (a fhreastalaíonn ar 22 duine), ina ndéanfar 525 kWh fuinnimh a shábháil ar bhonn bliantúil.
 - * Inár n-oifigí i Sligeach, tá sé beartaithe againn an líon gléasanna (7 bprintéir agus 1 fótachóipire) a laghdú go 2 ghléas; aon phrintéir daite amháin agus aon ghléas ilfheidhmeach dubh agus bán amháin. Déanfar 14,220 kWh fuinnimh a shábháil ar bhonn bliantúil.
 - * Maidir lenár n-oifig i nGaillimh, ag cur le chéile an líon fuinnimh a mheastar a shábhálfar ón Oifig Faisnéise Turasóireachta ar urlár na talún agus ó na hoifigí riaracháin ar an dara hurlár, táimid ag súil leis an líon gléasanna priontála a laghdú ó 12 go 5. Meastar mar sin go ndéanfar 1,075 kWh fuinnimh a shábháil.
- Tá sé beartaithe ag an rannán TFC gan úsáid níos mó a bhaint as 5 fhreastalaí fisiciúil ProLiant HP in 2014; 1 x ML350 G4, 2 x DL150 G3, 1 x DL140 G3 agus 1 x DL380 G5. Meastar go sábhálfar tuairim is 22.56 MWh leictreachais ar bhonn bliantúil trí na 5 fhreastalaí sin a dhíchoimisiúnú.
- Tá sé beartaithe ag an rannán TFC chomh maith leanúint lena gclár athnuachana crua-earraí in 2014, faoi láthair tá sé beartaithe athsholáthar a dhéanamh ar 11 ríomhaire pearsanta in 2014. Cuirfear Lenovo ThinkCentre M72E in ionad 3 x Dell 745, 4 x Dell Vostro agus 4 Lenovo ThinkCentre M52/55. De bharr na héagsúlachta atá idir an dá chineál ríomhaire pearsanta ó thaobh idiú fuinnimh de, meastar go sábhálfar 5.63 MWh fuinnimh ar bhonn bliantúil.



“ Ar cheann de na tionscail dúchais is mó in Éirinn, tá tionscal na turasóireachta anois faoi réir chun ról lárnach a ghlacadh i dtéarnamh leanúnach na tíre. ”

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013



Fáilte Ireland

National Tourism Development Authority



Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis

Éilíonn Alt 27 den Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003 ar an Údarás ráitis airgeadais a ullmhú ar bhealach a cheadóidh an tAire Iompair, Turasóireachta & Spóirt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.


Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítear ar an Údarás:

- beartais chuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú ar bhonn seasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh Fáilte Ireland ag feidhmiú;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasáíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 27 den Acht. Tá an tÚdarás freagrach chomh maith as sócmhainní Fáilte Ireland a chosaint agus as céimeanna réasúnacha a ghlacadh le cosc a chur ar chalaouis agus ar neamhrialtachtaí agus iad a aimsiú.



Michael Cawley - Cathaoirleach
3 Márta 2015



Susan Bergin - Comhalta Údaráis

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil

le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite den Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach ann, comhdhéanta de na beartais chuntasaíochta, de chuntas ioncaim agus caiteachais an ghrúpa, de ráiteas an ghrúpa ar ghnóthachain agus cailteanais aitheanta iomlána, de chlár comhardaithe an ghrúpa, de chlár comhardaithe an Údaráis, den ráiteas um shreabhadh airgid an ghrúpa agus de na nótaí a bhaineann leo. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm fhorordaithe faoi Alt 27 den Acht agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar go coitianta leis in Éirinn.

Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fíor cothrom iontu ar staid an ghrúpa agus ar ghnóthaí an Údaráis agus ar ioncam agus caiteachas an Údaráis, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is í an fhreagracht atá ormsa iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le Comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú.

Déanaim m'iniúchadh i comhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta don Iniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtas Iniúchóireachta

Raon iniúchta na ráiteas airgeadais

Is éard atá in iniúchadh ná fianaise a fháil i leith na suimeanna agus na nithe a nochtar sna ráitis airgeadais, ar leordhóthanach í chun ráthaíocht réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé trí chalaos nó trí earráid. Áirítear leis seo measúnú ar

- an iomchuí iad na beartais chuntasaíochta do chúinsí an Údaráis, agus ar cuireadh i ngníomh iad go comhsheasmhach agus ar nochtadh go hiomchuí iad
- réasúnacht na meastachán chuntasaíochta suntasach a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Ina theannta sin déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh iniúchta.

Ina theannta sin, léim tuarascáil bhliantúil an Údaráis le haithint an bhfuil aon neamhréireachtaí ábhartha sna ráitis airgeadais iniúchta. Má aithním go bhfuil aon mhíráitis nó neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha iontu breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil.

An Bunús le tuairim choinníollach ar na ráitis airgeadais

Nochtann na ráitis airgeadais dliteanas pinsin iomlán €221 milliún (2012: €232 milliún) amhail an 31 Nollaig 2013. Mar a mhínítear níos iomláine sna beartais chuntasaíochta, feidhmíonn an tÚdarás trí scéim phinsin. Maidir le dhá cheann de na scéimeanna, aithnítear sócmhainn maoinithe pinsin iarchurtha sna ráitis airgeadais, le forálacha an Achte um Beartais Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009. Áirítear san Acht seo ráthaíocht reachtúil a cuireadh ar fáil nuair a aistríodh na hiarmhéideanna a bhí sna scéimeanna maoinithe roimhe seo go dtí an Cúlchiste Náisiúnta Pinsin, go gcomhlíonfaidh an Státchiste íocaíochtaí pinsin sa todhcháil.

Is scéim sochair shainithe scéim aoisliúntais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (NTDA) a feidhmíodh ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear ó bunaíodh é in 2003. Ó tharla an scéim a bheith neamh-mhaoinithe, ní raibh sí incháilithe le cuimsiú faoi théarmaí Acht 2009. Ní aithnítear sna ráitis airgeadais sócmhainn maoinithe pinsin iarchurtha a bhaineann leis an scéim sin. Is athrú é seo ar an mbeartas chuntasaíochta atá glactha ag an Údarás ar an mbonn nár tugadh ráthaíocht reachtúil nó eile dó maidir le dliteanais na scéime sa todhcháil.

Leagtar amach tionchar an athraithe i mbeartas chuntasaíochta maidir le pinsin i Nóta 24 leis na cuntais.

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

I mo thuairimse, ba chóir go n-aithneofaí sócmhainn mhaoinithe pinsin iarchurtha maidir le scéim aoisliúntais an NTDA, de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn. Tá sé seo bunaithe ar a leanas

- foráil reachtúil do scéim a bhunú
- an beartas agus cleachtas seanbhunaithe atá ann maidir le maoiniú dliteanas pinsin seirbhíse poiblí ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear
- éilítear ranníocaíochtaí fostaithe faoin scéim, agus
- nádúr phróiseas na meastachán bliantúil faoina gcinntear maoiniú Stáit don Údarás.

Dá mbeadh an tÚdarás tar éis aitheantas a thabhairt do shócmhainn maoinithe pinsin iarchurtha maidir leis an scéim, bheadh cláir chomhardaithe an ghrúpa agus an Údarás tar éis a nochtadh go raibh glan sócmhainn de €34 milliún ann amhail 31 Nollaig 2013 (2012: €32 milliún), agus nochtfaí i gcuntas caiteachais agus ioncaim an ghrúpa 2013 barrachas €2 mhilliún don bhliain (2012: cailteanas €1.8 milliún).

Tuairim choinníollach ar na ráitis airgeadais

Is é mo thuairim, ach amháin nár aithníodh sócmhainn maoinithe pinsin iarchurtha maidir leis an scéim aoisliúntais NTDA mar a bhfuil cur síos uirthi thuas, gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais go cuí de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn, agus go dtugtar léargas fíor cheart iontu ar staid an ghrúpa agus ar ghnóthaí an Údarás amhail an 31 Nollaig 2013 agus ar ioncam agus caiteachas an Údarás do 2013.

Is é mo thuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Údarás. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Cúrsaí ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht

- mura bhfuair mé an t-eolas uile agus na mínithe a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- má tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon ásc ábhartha nár cuireadh airgead chun feidhme chun na gcríoch a bhí ceaptha dóibh nó nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaigh iad, nó
- mura bhfuil an t-eolas a thugtar i dtuarascáil bhliantúil an Údarás ag teacht leis na ráitis airgeadais ghaolmhara, nó
- mura léirítear sa ráiteas um rialáil airgeadais inmheánach comhlíonadh an Údarás leis an gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighim aon chúrsaí ábharthaeile bainteach leis an gcaoi ina ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí ar a dtuairiscítear trí eisceacht.

Seamus McCarthy
Comptroller and Auditor General
12 Márta 2015

Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Thar ceann an Údaráis aithním ár bhfreagracht a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas rialaithe airgeadais inmheánaigh éifeachtach. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlána sholáthar go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus goseachnaítear earráidí ábhartha neamhrialtachtaí nó go n-aimsítear iad laistigh de thréimhse tráthúil. Tá céimeanna glactha ag an Údarás lena chinntiú go mbeidh timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí:

- fhreagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí.

Glacadh le próiseas foirmiúil chun riosca gnó a aithint, a mheas, a mhaolú agus a bhainistiú agus áirítear leis:

- rioscaí agus cineál rioscaí a aithint
- dóchúlacht tarlaithe
- na himpleachtaí airgeadais nó eile
- na fachtóirí maolaithe
- pleananna chun na rioscaí aitheanta a bhainistiú
- monatóireacht agus tuairisciú ar an bpróiseas

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat oibre eolais bainistíochta rialta, ar nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dualgais a roinnt, agus ar chóras toscaireachta agus cuntasaíochta. Áirítear leis go háirithe:

- Pleananna straitéiseacha agus buiséid bhliantúla ceadaithe ag an Údarás.
- Tuarascálacha buiséid ardleibhéal a dhéanann athbhreithniú ar fheidhmíocht in aghaidh buiséid a ndéanann an tÚdarás athbhreithniú orthu ag gach cruinniú.
- Comhairleach Bainistíochta ar a bhfuil an Príomhfheidhmeannach agus Stiúrthóirí chomh maith leis an gCeann Airgeadais, a thagann le chéile go míosúil le hiniúchadh a dhéanamh

ar fheidhmíocht in aghaidh buiséid agus ar shaincheisteanna airgeadais agus oibríochtúla a mbíonn tionchar acu ar an eagraíocht.

- Coiste Iniúchta agus Polasaí Riosca ar a bhfuil triúr stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin agus a thagann le chéile thart ar cheithre huaire sa bhliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha an Iniúcháin Inmheánaigh agus ar an gClár Riosca, agus a thuairiscíonn chuig an Údarás.
- Feidhm Iniúchta Inmheánaigh a dhéanann monatóireacht ar chomhlíonadh polasaithe agus nósanna imeachta agus éifeachtúlacht rialaithe inmheánacha laistigh den eagraíocht. Déanann an tIniúcháin Inmheánach tuairisciú chuig Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Polasaí Riosca.
- Feidhm Bainistiú Riosca feidhmithe a dhéanann monatóireacht ar dhul chun cinn na heagraíochta maidir le riosca aitheanta sa Chlár Riosca agus a thuairiscíonn chuig an gCoiste Comhairleach Bainistíochta.

Is é an tIniúcháin Inmheánach, an Coiste Iniúchta a dhéanann maoirseacht ar obair an Iniúcháin Inmheánaigh agus na bainisteoirí feidhmeannacha laistigh de Fáilte Ireland atá freagrach as an gcreat oibre rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, a threoraíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtúlacht an chórais airgeadais inmheánaigh.

Deimhním, maidir leis an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013, go ndearna an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais airgeadais inmheánaigh.



Michael Cawley - Cathaoirleach
3 Márta 2015

Beartais Chuntaíochta

Is iad seo a leanas na beartais chuntaíochta shuntasacha a glacadh sna ráitis airgeadais:-

COINBHINSIÚN CUNTASAÍOCHTA

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn fabhraithe faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil seachas Deontais Oireachtais - agus de réir phrionsabail chuntaíochta a nglactar leo go ginearálta. Glactar le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá molta ag na comhlachtaí cuntaíochta aitheanta de réir mar is infheidhme dóibh. Tá na ráitis airgeadais chomhdhlúite comhdhéanta de ráitis airgeadais an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasoíreachta agus a fhochuideachta Tóstal Éireann 2013 Teoranta. Ní áiríonn na ráitis airgeadais chomhdhlúite KGCL Property Holdings Ltd (Killarney Golf Club Limited roimhe seo). D'aistrigh oibriú an chumainn gailf go dtí a gcuid ball an 31 Iúil 2013.

DEONTAIS OIREACHTAIS

Is léiriú iad na deontais sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ar na suimeanna a fuarthas i leith na tréimhse sin. Déantar gach maoiniú Oireachtais le haghaidh Turasoíreachta Éireann Teoranta a mhaoiniú trí Fáilte Ireland.

DEONTAIS INÍOCHTA

Aithnítear caiteachas deontais sa tréimhse ina ndéanann an faighteoir an ghníomhaíocht deontais a chruthaíonn teidlíocht don tacaíocht deontais agus a chomhlíonann coinníollacha sonraithe an deontais.

AIRGEADRA COIGRÍCHE

Déantar idirbhearta a ainmnítear in airgeadra coigríche a iompú ina euro ag ráta caighdeánach comhaontaithe don bhliain. Déantar gnóthachain agus cailteanais malartaithe réadaithe ar idirbhearta a socraíodh i rith na bliana a chur san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain.

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche a iompú ina euro ag rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe agus áirítear gnóthachain agus cailteanais a eascraíonn mar gheall air i gCuntas Ioncaim agus Caiteachais na bliana

SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE AGUS DÍMHEAS

Luaitear sócmhainní seasta inlámhsithe ag costas lúide dímhéas carntha. Ríomhtar dímhéas, gearrtha ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais, chun costas sócmhainní seasta thar a saol úsáideach measta a dhíscríobh ag na rátaí bliantúla atá leagtha amach thíos:

Talamh	0%	
Trealamh Ríomhaireachta	33⅓%	Líne dhíreach
Troscán agus Feistis	20%	Líne dhíreach
Trealamh Oiliúna Áitreabh	20%	Líne dhíreach
	2%	Níos ísle ná an méid cothrom nó más airde an chuid atá fágtha den Léas.

SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA

Bíonn sócmhainní infheistíochta comhdhéanta de thalamh agus d'fhoirgnimh le luach taitneamhach amháin agus luaitear ag costas stairiúil iad.

SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

Áirítear gach sócmhainn airgeadais ag luach ainmniúil.

LÉASANNA OIBRÍOCHTA

Déileáiltear le híocaíochtaí cíosanna faoi léasanna oibríochta sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais mar a thabhaítear iad.

CUNTAS CAIPITIL

Is ionann an Cuntas Caipitil agus an luach ioncaim neamhamúchta a úsáidtear chun críocha caipitil. Déantar aistriú idir cúlchistí ioncaim agus cúlchistí caipitil go bliantúil le léiriú gurb ionann maoiniú caipitil na heagraíochta, lena n-áirítear léasanna airgeadais, agus an glan-luach leabhair den sócmhainn seasta inlámhsithe.

FÉICHIÚNAITHE

Díscríobhtar drochfhiacha atá ar eolas sa tréimhse ina n-eascraíonn siad.

STOIC

Déantar stoic a luacháil ag an gcostas bunaidh agus ag an nglanluach inréadaithe.

Beartais Chuntasaíochta ar lean

COSTAIS PHINSIN

Scéimeanna Sochair Sainmhínithe

Oibríonn Fáilte Ireland scéimeanna pinsin sochair sainmhínithe a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar-a-thuilltear ó airgead a sholáthraíonn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ó ranníoca a asbhaintear as tuarastail foirne. I dtréimhsí roimhe seo, d'aithin an tÚdarás sócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin, a léiríonn infháiltas ón Stát le bheith ar aon dul le dlíteanas neamh-mhaoinithe chun pinsin a chur ar fáil faoi na trí scéim atá i bhfeidhm ag an ngníomhaireacht. Aithníodh an tsócmhainn i ndiaidh breithniú a dhéanamh ar ar bhunús reachtúil do bhunú na scéimeanna pinsin agus beartas agus cleachtas i ndáil le pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníoca ag fostaithe agus an próiseas meastacháin bliantúil.

In 2014 rinne an tÚdarás ath-mheasúnú ar aitheantas an infháiltas sin ón Stát mar seo a leanas:

Pinsean ranníocach neamh-mhaoinithe agus plean sochar báis agus Scéim Pinsin Eagraíochtaí Turasóireachta Réigiúnacha (iar-CERT).

Aithnítear sócmhainn chun forálacha an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 a léiriú faoin Acht sa chás nach bhfuil comhiomlán ranníoca chomhaltaí agus Fáilte Ireland chuig an scéim leordhóthanach chun freastal ar oibleagáidí Fáilte Ireland a n-oibleagáidí a íoc de réir na scéime, slánóidh an tAire Airgeadais aon easnamh a eascraíonn ó chistí arna soláthar ag an Oireachtas.

Scéim Aoisliúntais Neamh-mhaoinithe an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta

Lorg an tÚdarás dearbhú ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go mbeadh forálacha comhchosúla leo sin san Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 ag feidhmiú maidir le Scéim Aoisliúntais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta.

Fuair an tÚdarás dearbhú cé nach bhfuil ráthaíocht léir ann go mbeidh maoiniú ar fáil i gcónaí, glacann an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leis gur féidir a thuiscint go réasúnach go leanfaidh maoiniú státchiste ar aghaidh do chomhlachtaí iomchuí a fhaigheann maoiniú ón Státchiste a bhfuil cuntais fhabhrúithe agus scéimeanna íoc-mar-a-úsáidtear le déanamh acu. Toisc

nach dtugann sé sin dearbhú don Údarás go gcuirfidh an tOireachtas aon easnamh sa chiste, dá réir sin amhail an 31 Nollaig 2013 tá a bheartas cuntasaíochta leasaithe ag an Údarás agus ní aithnítear a thuilleadh socmhainn i leith an dlíteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do Scéim Aoisliúntais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta.

Léiríonn costais phinsin sochair pinsin arna ngnóthú ag fostaithe sa tréimhse. Léirítear na costais mar ghlanmhéid ranníocaíochtaí pinsin na gcomhaltaí a choinníonn an tÚdarás agus a úsáidtear in urscaoileadh an dlíteanas pinsean foriomláin don bhliain. Aithnítear méid atá comhfhreagrach leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid is gur féidir é a aisghabháil.

Léirítear gnóthachain nó caillteanas a eascraíonn ó dhlíteanas agus sócmhainní scéime sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanas Aitheanta Iomlán agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach don phlean pinsin ranníocach (iar-CERT) agus sochar báis Neamh-mhaoinithe agus do scéim pinsin Neamh-mhaoinithe na nEagraíochtaí Turasóireachta Réigiúnacha sa mhéid in-aisghabhála ón Státchiste chun forálacha an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 a léiriú. Ní aithnítear aon sócmhainn chomhfhreagrach ó Scéim Aoisliúntais Neamh-mhaoinithe an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta toisc nach luaitear an scéim sa reachtaíocht thuasluaite.

Is ionann dlíteanas phinsin agus luach reatha íocaíochtaí pinsin sa todhchaí a thuilleann an fhoireann go dáta. Tá luacháil déanta ag achtúire neamhpleách ar dhlíteanas na scéime amhail an 31 Nollaig 2013 ag baint úsáide as an modh aonaid theilgthe.

Scéimeanna Ranníoca Sainmhínithe

Tá scéimeanna pinsin ranníoca sainmhínithe ar fáil d'fhoireann nach bhfuil cáilithe don scéim shochair shainithe. Ó mhí na Samhna 2013 i leith níl aon bhall foirne ina mball den scéim seo.


Déileáiltear le híocaíochtaí a dhéantar faoin scéim i gCuntas Ioncam agus Caiteachais na bliana lena mbaineann siad.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais an Ghrúpa


don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

	Nótaí	2013 €'000	2012 €'000
IONCAIM:			
Deontais Oireachtais	1	138,170	141,341
Ioncam Eile	2	5,129	6,820
Glan-Mhaoiniú larchurtha do phinsin sa bhliain	25 D	3,535	2,705
		146,834	150,866
AISTRIÚ (CHUIG)/Ó C(H)ÚLCISTÍ CAIPITIL	17	(588)	(643)
		146,246	150,223
CAITEACHAS:			
Speansais Oibríochta Ginearálta:			
Forbairt Margái	3	22,815	26,490
An Tóstas 2013 Teo.	6	5,952	6,836
Forbairt Fiontraíochta	4	4,058	4,649
Forbairt Straitéiseach	5	27,057	27,824
Forbairt Oibríochtaí	7	8,306	8,029
Pá	8	21,499	21,761
Íocaíochtaí Deontais Turasóireacht Éireann Teoranta	1	44,294	45,831
Costais Phinsin	25 A	12,241	11,658
		146,222	153,078
Barrachas/(Easnamh) roimh Chánachas		24	(2,855)
Cánachas		-	-
Barrachas/(Easnamh) roimh Chánachas		24	(2,855)

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad na Polasaithe Cuntasaíochta agus na nótaí 1 go dtí 28..



Michael Cawley - Cathaoirleach
3 Márta 2015




Susan Bergin - Comhalta Údaráis
3 Márta 2015

Ráiteas an Ghrúpa ar Ghnóthachain agus ar Chailteanais Aitheanta Iomlána


don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

	Nótaí	2013 €'000	2012 €'000
CAILLTEANAIS ACHTÚIREACHTA AR SCÉIMEANNA PINSIN			
Taithí gnóthachain ar dhliteanais na scéime pinsin	25 B	8,540	1,632
Gnóthachain / (Cailteanais) de bharr athruithe ar bhoinn tuisceana	25 B	7,395	(52,530)
GNÓTHACHAN/ (CAILLTEANAS) ACHTÚIREACH		15,935	(50,898)
COIGEARTÚ AR MHAOINIÚ PINSIN IARCHURTHA			
Barrachas / (Easnamh) don Bhliain	25 B	(5,769)	20,210
GNÓTHACHAIN / (CAILLTEANAIS) AITHEANTA IOMLÁN DON BHLIAIN		10,190	(33,543)
Coigeartú na bliana roimhe sin	24	(141,451)	
GNÓTHACHAN / (CAILLTEANAS) IOMLÁN ÓN TUARASCÁIL BHLIANTÚIL DHEIREANACH		(131,261)	

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad na Polasaithe Cuntasaíochta agus na nótaí 1 go dtí 28.



Michael Cawley - Cathaoirleach
3 Márta 2015




Susan Bergin - Comhalta Údaráis
3 Márta 2015

Clár Comhardaithe an Ghrúpa


don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

	Nótaí	2013 €'000	2012 €'000
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
			<i>Athluaite</i>
Sócmhainní Inláimhsithe	10	28,379	27,791
Sócmhainní Airgeadais	12	46	46
Réadmhaoin Infheistíochta	11	276	276
		28,701	28,113
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Stoic		42	49
Féichiúnaithe	14	853	717
Iarmhéideanna Bainc agus Airgid	15	35,695	32,022
		36,590	32,788
CREIDIÚNAITHE: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin	16	30,799	29,018
